

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

MATAMAITIC - BONNLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 GO DTÍ 11.30

GACH ceist le freagairt.

Tá na ceisteanna uile ar chómharc (15 marc an ceann).

Féadfar marcanna a chailliúint mura dtaispeántar obair riachtanach go soiléir.

Féadfar Táblaí Matamaitice a fháil ón bhFeitheoir.

1. Déantar duais €568 a roinnt go cothrom idir 8 nduine. Cé mhéad a fhaigheann gach duine acu?

2. Cosnaíonn bosca peann luaidhe €2.60
 - (i) Cé mhéad a chosnóidh sé chun 7 mbosca peann luaidhe a cheannach?
 - (ii) Cén sóinseáil a gheobhaidh mé má íocaim as na 7 mbosca peann luaidhe le nóta €20?


3.
 - (i) Cóipeáil agus comhlánaigh $\frac{1}{2} = \left[\frac{\quad}{12} \right]$.
 - (ii) Scríobh $\frac{1}{2} + \frac{1}{4} - \frac{1}{3}$ mar chodán singil.

4.
 - (i) Faigh luach 125.6×10
 - (ii) Faigh luach $125.6 \div 10$
 - (iii) Faigh luach $(125.6 \times 10) + (125.6 \div 10)$

5.
 - (i) Gabhann carr 150 km i 2 uair an chloig. Ríomh meánluas an chairr.
 - (ii) Gabhann carr eile 150 km faoi mheánluas 50 km/u. Cén fad ama a thógann sé don charr sin an 150 km a ghabháil?

6. Is é U an tacar daltaí i rang.
Is é L an tacar daltaí a imríonn leadóg.
Is é P an tacar daltaí a imríonn peil.

U



- (i) Cén líon daltaí a imríonn an dá chluiche?
(ii) Cén líon daltaí a imríonn leadóg?
(iii) Cén líon daltaí atá sa rang?

7. (i) Faigh 20% de €35.
(ii) Faigh $\frac{3}{8}$ de 240 méadar.
(iii) Faigh 0.5 de 28 líotar.

8. Léirítear thíos an líon cúl a chuir gach ceann de 20 foireann isteach i gcomórtas:

3	3	4	1	5
2	5	3	2	4
5	2	2	3	3
1	3	4	4	2

- (i) Cóipeáil agus comhlánaigh an tábla thíos:

Cúil	1	2	3	4	5
An líon foirne					

- (ii) Scríobh síos an mód.


9. Ceannaíodh rothar ar €300. Díoladh é ar €360.

- (i) Ríomh an brabús.
(ii) Sloinn an brabús mar chéatadán den phraghas ceannaigh.

10. (i) Cén líon ceintiméadar atá i 4.37 méadar?

- (ii) Tá fad 4.37 m i bpíosa adhmaid. Gearradh i ndá phársa é. Tá fad 248 cm i bpíosa amháin. Cén fad atá sa phársa eile?

11. (i) Déan an léaráid a chóipeáil i do fhreagarleabhar.



- (ii) Tóg íomhá na dronuilleoige $abcd$ faoin tsiméadracht aiseach sa líne L .

12. (i) Faigh luach $5x + 1$ nuair $x = 3$.

- (ii) Faigh luach x nuair $5x + 1 = 11$.

13. Taispeánann bille leictreachais na méadarléamha a leanas:

LÉAMH	FAOI LÁTHAIR	CHEANA
AONAD	83796	83654

- (i) Cé mhéad aonad a úsáideadh idir an dá léamh sin?

- (ii) Faigh costas na n -aonad a úsáideadh faoin ráta 7.5 cent an t-aonad.

14. (i) Cé mhéad nóiméad atá in 1 uair an chloig agus 17 nóiméad?

- (ii) D'imigh traein as Gaillimh ar 12:35 agus do shroich sí Baile Átha Luain ar 14:17. Cén fad ama a lean an t-aistear sin?

15. Tá 12 charr i gclós páirceála. Tá dath dearg ar 6 charr, dath gorm ar 4 charr agus dath glas ar 2 charr. Línigh píchairt chun an fhaisnéis sin a léiriú.

16. Bain feidhm as rialóir agus compás chun triantán a thógáil ina mbeadh sleasa ann ar faid dóibh 9 cm, 7 cm agus 6 cm. Bain feidhm as uillinntomhas chun an uillinn is mó sa triantán a thomhas agus scríobh síos do fhreagra.

17. Léirítear sa tábla thíos an líon daltaí a bhí déanach ar scoil i seachtain ar leith:

Lá	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
Líon daltaí	3	5	4	2	6

- (i) Línigh barra-chairt chun an t-eolas sin a léiriú.
(ii) Faigh meánlíon na ndaltaí déanacha in aghaidh an lae.


18. Bain feidhm as na Táblaí, leathanaigh 20 – 25, chun iad seo thíos a ríomh:

- (i) $\sqrt{11.9}$
(ii) $(2.4)^2$
(iii) $\sqrt{11.9} + (2.4)^2$

19. Faigh toirt sorcóra ar gha dó 5 cm agus ar airde dó 20 cm.

$$\text{Toirt sorcóra} = \pi r^2 h.$$

$$\text{Glac } \pi = 3.$$



20. (i) Bíodh $y = x + 1$. Cóipeáil agus comhlánaigh an tábla thíos:

x	0	1	2	3
y				

(ii) Grafaigh na ceithre pointe sin ar ghrafháipéar agus ceangail iad chun líne a chumadh.